GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH
UM CHIBEARSHLÁNDÁIL

Treoir do FBManna maidir le cibearshlándáil

# 12 CHÉIM CHUN DO GHNÓ A CHOSAINT



Léirigh géarchéim COVID-19 a thábhachtaí agus atá an tIdirlíon agus ríomhairí do FBManna i gcoitinne. D’fhonn borradh a chur faoina ngnó le linn na paindéime, b’éigean do go leor FBManna bearta leanúnachais gnó a dhéanamh, mar shampla glacadh le néalseirbhísí, a seirbhísí idirlín a fheabhsú, a suíomhanna gréasáin a uasghrádú agus ligean don fhoireann oibriú ó chian.

Sa bhileog seo tá 12 chéim ardleibhéil phraiticiúla do FBManna chun cosaint níos fearr a thabhairt dá gcórais agus dá ngnó. Is comhfhoilseachán í don tuarascáil níos mionsonraithe ó ENISA **“Cybersecurity for SMEs – Challenges and Recommendations”.**



# 1 GNÁSANNA MAITHE CIBEARSHLÁNDÁLA A FHORBAIRT



## FREAGRACHT BAINISTÍOCHTA A SHANNADH

Is príomhghné de rathúlacht gach FBM í an chibearshlándáil mhaith. Ba cheart freagracht as an bhfeidhm chriticiúil seo a shannadh do dhuine laistigh den eagraíocht a mbeadh air cinntiú go dtugtar acmhainní iomchuí don chibearshlándáil, amhail am ó phearsanra, bogearraí, seirbhísí agus crua-earraí cibearshlándála a cheannach, oiliúint don fhoireann, agus beartais éifeachtacha a fhorbairt.

## TACAÍOCHT A FHÁIL Ó FHOSTAITHE

Faigh tacaíocht ó fhostaithe trí chumarsáid éifeachtach maidir leis an gcibearshlándáil ón lucht bainistíochta, tríd an lucht bainistíochta a bheith ag tacú go hoscailte le tionscnaimh chibearshlándála, oiliúint chuí a thabhairt d’fhostaithe, agus rialacha soiléire sainiúla a sholáthar d’fhostaithe atá leagtha amach i mbeartais chibearshlándála.





## BEARTAIS CHIBEARSHLÁNDÁLA A FHOILSIÚ

Ba chóir rialacha soiléire sainiúla a leagan amach i mbeartais chibearshlándála d'fhostaithe maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go n-iompróidís iad féin agus timpeallacht, trealamh agus seirbhísí TFC na cuideachta á n-úsáid acu. Díríodh na beartais seo aird freisin ar an méid a d'fhéadfadh a tharlú d'fhostaí mura gcloífeadh sé nó sí leis na beartais sin. Caithfear na beartais a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

## INIÚCHTAÍ CIBEARSHLÁNDÁLA A DHÉANAMH

Déanadh siad siúd a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí chuí acu iniúchtaí rialta. Ba chóir go mbeadh iniúchóirí neamhspleách, bíodh siad ina chonraitheoirí seachtracha nó daoine taobh istigh den FBM nach bhfuil baint acu le gnáthchúrsaí TF.

## COSAINT SONRAÍ A CHUR I bhFEIDHM

De réir Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí[1] ní mór d'aon FBM a phróiseálann nó a stórálann sonraí pearsanta a bhaineann le daoine atá ina gcónaí san AE/LEE a chinntiú go bhfuil rialuithe slándála iomchuí i bhfeidhm chun na sonraí sin a chosaint. Áirítear leis sin a chinntiú go bhfuil bearta slándála iomchuí i bhfeidhm ag aon tríú páirtithe atá ag obair thar ceann an FBM.

---

1 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection_ga

# 2



# OILIÚINT CHUÍ A THABHAIRT

Tabhair oiliúint rialta ar fheasacht ar chibearshlándáil do gach fostaí lena chinntiú go bhféadann siad na bagairtí éagsúla cibearshlándála a aithint agus a réiteach. Ba chóir na hoiliúintí sin a chur in oiriúint do FBManna agus a dhíriú ar chásanna ón bhfíorshaol.

Tabhair sainoiliúint cibearshlándála dóibh siúd atá freagrach as cibearshlándáil a bhainistiú laistigh den ghnó lena chinntiú go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí acu atá riachtanach chun an obair a dhéanamh.



# 3

# BAINISTÍOCHT ÉIFEACHTACH TRÍÚ PÁIRTÍ A CHINNTIÚ

Cinntigh go bhfuil gach díoltóir, go háirithe iad siúd a bhfuil rochtain acu ar shonraí íogaire agus/nó ar chórais íogaire, faoi bhainistiú gníomhach agus go gcomhlíonann siad leibhéil aontaithe slándála. Ba chóir comhaontuithe conarthacha a bheith ann chun an chaoi a gcomhlíonann díoltóirí na ceanglais slándála sin a rialú.

# 4



# PLEAN FREAGARTHA AR EACHTRAÍ A FHORBAIRT

Forbair plean foirmiúil freagartha ar eachtraí, ina bhfuil treoirlínte, róil agus freagrachtaí leagtha amach go soiléir chun a chinntiú go bhfreagraítear ar gach eachtra slándála go tráthúil, go gairmiúil agus go cuí. Chun freagairt go tapa ar bhagairtí slándála, fiosraigh uirlisí a d'fhéadfadh faireachán a dhéanamh agus foláirimh a chruthú nuair atá gníomhaíocht amhrasach nó sáruithe slándála ag tarlú.

# 5 ROCHTAIN AR CHÓRAIS A DHAINGNIÚ

Spreag gach duine le pasfhrása a úsáid, mar atá dornán trí ghnáthfhocal randamacha ar a laghad a chuirtear le chéile in abairt a atá idir shomheabhraithe agus shábháilte. Má roghnaíonn tú pasfhocal tipiciúil:

- Bíodh sé fada, agus idir cheannlitreacha agus litreacha beaga ann, agus uimhreacha agus carachtair speisialta freisin más féidir.
- Seachain focail fhollasacha, amhail "pasfhocal", agus seichimh litreacha, amhail "abc", nó uimhreacha, amhail "123".
- Seachain faisnéis phearsanta atá le fáil ar líne a úsáid.

Agus cibé acu a úsáideann tú pasfhrásaí nó pasfhocail

- Ná húsáid arís in áiteanna eile iad.
- Ná roinn le comhghleacaithe iad.
- Cuir Fíordheimhniú Ilfhachtóirí ar siúl.
- Bain úsáid as bainisteoir tiomnaithe pasfhocal.





# 6

# GLÉASANNA A DHAINGNIÚ



Is ríthábhachtach an chéim é i gclár cibearshlándála na gléasanna a úsáideann an fhoireann, cibé acu ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó fóin chliste iad.

## BOGEARRAÍ A CHOINNEÁIL PAITSEÁILTE AGUS COTHROM LE DÁTA

Bain úsáid as ardán láraithe chun paisteáil a bhainistiú, más féidir. Moltar go mór do FBManna:

- A gcuid bogearraí go léir a nuashonrú go rialta.
- Nuashonruithe uathoibríocha a chasadh air nuair is féidir.
- Bogearraí agus crua-earraí atá le nuashonrú de láimh a aithint.
- Cuir gléasanna móibíleacha agus Idirlíon na rudaí nithiúla san áireamh.

## FRITHVÍREAS

Ba chóir réiteach frithvíreas a bhainistítear go lárnach a chur i bhfeidhm ar gach cineál gléis agus a choinneáil cothrom le dáta d'fhonn a éifeachtúlacht leanúnach a chinntiú. Chomh maith leis sin, ná suiteáil bogearraí bradacha mar d'fhéadfadh bogearraí mailíseacha a bheith inti.

## UIRLISÍ COSANTA RÍOMHPHOIST AGUS GRÉASÁIN A ÚSÁID

Úsáid réitigh chun turscar, ríomhphoist ina bhfuil naisc chuig suíomhanna gréasáin mailíseacha, ríomhphoist ina bhfuil ceangaltáin mhailíseacha amhail víris, agus ríomhphoist fioscaireachta a bhacadh.

## CRIPTIÚ


Cuir cosaint sonraí i bhfeidhm trína gcriptiú. Cinntíodh FBManna go bhfuil na sonraí atá stóráilte ar ghléasanna móibíleacha amhail ríomhairí glúine, fóin chliste agus táibléid criptithe. I dtaobh sonraí a aistrítear trí líonraí poiblí, amhail líonraí WiFi óstán nó aerfort, cinntíodh go gcriptítear na sonraí, trí Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) a úsáid nó trí rochtain ar shuíomhanna gréasáin trí naisc shlána le prótacal SSL/TLS. Cinntíodh go bhfuil a suíomhanna gréasáin féin ag úsáid teicneolaíocht oiriúnach criptithe chun sonraí cliant a chosaint agus iad ag taisteal ar an Idirlíon.

## BAINISTÍOCHT GLÉASANNA MÓIBÍLEACHA A CHUR I bhFEIDHM

Agus iad ag éascú don fhoireann a bheith in ann obair ó chian, ligeann go leor FBManna do bhaill fhoirne a ríomhaire glúine, a dtaibléad agus/nó a bhfóin chliste féin a úsáid. Tá roinnt imní slándála ag baint leis sin maidir le sonraí íogaire gnó atá stóráilte ar na gléasanna sin. Bealach amháin chun an baol seo a bhainistiú is ea córas Bainistíochta Gléasanna Móibíleacha (MDM) a úsáid, lena bhfuil FBManna ábalta:

- Coinnigh faoi smacht na gléasanna a bhfuil cead isteach acu ina gcórais agus ina seirbhísí.
- Cinntigh go bhfuil bogearraí frithvíreas atá suiteáilte sa ghléas cothrom le dáta.
- Faigh amach an bhfuil an gléas criptithe.
- Deimhniigh go bhfuil paistí bogearraí cothrom le dáta suiteáilte sa ghléas.
- Cosain an gléas le PIN agus/nó le pasfhocal a chur i bhfeidhm air.
- Aon sonraí de chuid an FBM a dhíorthadh den ghléas ó chian má thuairiscíonn úinéir gléis gur cailleadh nó gur goideadh é, nó má chuirtear deireadh le fostú úinéir an ghléis ag an FBM.

# 7 DO LÍONRA A CHOSAINT



## BALLAÍ DÓITEÁIN A ÚSÁID

Bainistíonn ballaí dóiteáin an trácht isteach is amach i líonra agus is uirlis ríthábhachtach iad chun córais FBManna a chosaint. Ba chóir ballaí dóiteáin a úsáid chun gach uile chóras criticiúil a chosaint, ba chóir balla dóiteáin a úsáid go háirithe chun líonra an FBM a chosaint ar an Idirlíon.

## ÁISEANNA CIANROCHTANA A ATHBHREITHNIÚ

Athbhreithníodh FBManna aon uirlisí cianrochtana go rialta chun a chinntiú go bhfuil siad slán, go háirithe:

- Cinntigh go bhfuil gach bogearra cianrochtana paitseáilte agus cothrom le dáta.
- Srian cianrochtain ó áiteanna geografacha amhrasacha nó ó sheoltaí IP áirithe.
- Ná tabhair cianrochtain don fhoireann ach ar na córais agus ar na ríomhairí a bhfuil gá acu leo ina gcuid oibre.
- Cuir pasfhocail láidre i bhfeidhm don chianrochtain agus cumasaigh fíordheimhniú ilfhachtóirí aon áit ar féidir.
- Cinntigh go bhfuil monatóireacht agus foláirimh cumasaithe chun rabhadh a thabhairt má mheastar go bhfuil ionsú nó gníomhaíocht amhrasach neamhghnách ann.

# 8 FEABHAS A CHUR AR SHLÁNDÁIL FHISICIÚIL

Ba chóir rialuithe fisiciúla iomchuí a úsáid aon áit a bhfuil faisnéis thábhachtach stóráilte. Ná fágtar ríomhaire glúine ná fón cliste de chuid na cuideachta, cuir i gcás, ar shuíochán deiridh cairr gan aon duine ina bhun. Glasáladh úsáideoir a ríomhaire gach uair a imíonn sé nó sí uaidh. Seachas sin, cumasaigh an fheidhm uathghlasála ar aon ghléas a úsáidtear chun críocha gnó. Ná fágtar doiciméid íogaire chlóite gan duine ina mbun ach oiread, agus nuair nach bhfuiltear á n-úsáid, stóráiltear go sábháilte iad.



# 9 CÚLTACAÍ A DHAINGNIÚ

Le bheith in ann faisnéis thábhachtach a aisghabháil, ba chóir cóipeanna cúltaca a choinneáil mar is bealach éifeachtach iad le tubaistí amhail ionsaithe ó bhogearraí éirice a chur díot. Bíodh na rialacha cúltaca seo a leanas i bhfeidhm:

- déantar cóip cúltaca go rialta agus go huathoibrithe nuair is féidir,
- coinnítear an cúltaca amach ó thimpeallacht táirgthe an FBM,
- bíodh cúltacaí criptithe, go háirithe má tá siad le bogadh ó áit go chéile,
- tástáiltear an féidir sonraí a aisghabháil go rialta ó na cúltacaí. Go hidéalach, ba chóir tástáil rialta a dhéanamh ar aischur iomlán ó thús go deireadh.







# 10

# AG PLÉ LEIS AN NÉAL

In ainneoin na mbuntáistí, tá roinnt rioscaí uathúla ag baint le néalchórais, agus ba chóir do FBManna iad a chur san áireamh sula n-oibríonn siad le soláthraithe néil. D'fhoilsigh ENISA "Cloud Security Guide for SMEs"[2] agus ba chóir do FBManna é a cheadú agus iad ag athrú go dtí an néal.

Agus soláthraí néil á roghnú aige, ba chóir do FBM a chinntiú nach sáraíonn sé aon dlíthe nó rialacháin trí shonraí a stóráil, go háirithe sonraí pearsanta, lasmuigh den AE/LEE. Mar shampla, éilíonn RGCS an AE gan sonraí pearsanta cónaitheoirí an AE/LEE a stóráil nó a tharchur lasmuigh den AE/LEE ach amháin de réir coinníollacha an-sonracha.

---

2 https://www.enisa.europa.eu/publications/cloud-security-guide-for-smes




# 11 SUÍOMHANNA AR LÍNE A DHAINGNIÚ

Tá sé riachtanach do FBManna a chinntiú go bhfuil a suíomhanna gréasáin ar líne cumraithe agus go gcoinnítear ar bhealach slán iad agus go gcosnaítear sonraí pearsanta nó sonraí airgeadais, amhail sonraí cárta creidmheasa, mar is ceart. Is éard a bheidh i gceist leis seo tástálacha slándála a dhéanamh go rialta ar na suíomhanna gréasáin chun aon laigí slándála féideartha a aithint agus athbhreithnithe rialta a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinnítear bail ar an suíomh agus go nuashonraítear é i gceart.

# 12 FAISNÉIS A CHUARDACH AGUS A ROINNT

Is uirlis éifeachtach sa troid i gcoinne na cibearchoireachta é faisnéis a roinnt. Tá sé ríthábhachtach do FBManna faisnéise a roinnt faoin gcibearchoireacht chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a bhíonn rompu. Na gnólachtaí siúd ar óna gcomhghleacaithe a chloiseann siad iomrá faoi dhúshláin chibearshlándála agus faoin gcaoi ar sáraíodh na dúshláin sin, is dóichí go ngníomhóidh siad chun a gcórais a chosaint ná dá gcloisfidís a leithéid de scéalaí ó thuairiscí tionscail nó ó shuirbhéanna cibearshlándála.

GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH
UM CHIBEARSHLÁNDÁIL

**MAIDIR LE ENISA**

Is Gníomhaireacht de chuid an Aontais í ENISA, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, atá tiomanta d'ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud na hEorpa. Mar ghníomhaireacht a bunaíodh sa bhliain 2004 agus a neartaíodh leis an nGníomh AE um Chibearshlándáil, rannchuidíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil le cibirbheartas AE, cuireann sí le hiontaofacht táirgí, seirbhísí agus próisis TFC trí scéimeanna deimhniúcháin cibearshlándála, comhoibríonn sí leis na Ballstáit agus le comhlachtaí AE, agus cabhraíonn sí leis an Eoraip a ullmhú do cibeardhúshláin amach anseo. Trí chomhroinnt eolais, forbairt acmhainneachta agus ardú feasachta, oibríonn an Ghníomhaireacht i gcomhar lena príomh-gheallsealbhóirí chun iontaoibh as an ngeilleagar nasctha a neartú, chun athléimneacht bhonneagar an Aontais a threisiú agus, sa deireadh, chun sochaí agus saoránaigh na hEorpa a choinneáil slán sa saol digiteach. Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar www.enisa.europa.eu.


**ENISA**

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil

**Oifig san Aithin**
Ethnikis Antistaseos 72 &
Agamemnonos 14,
Chalandri 15231, Attiki, an Ghréig

**Oifig in Heraklion**
95 Nikolaou Plastira
700 13 Vassilika Vouton,
Heraklion, an Ghréig

enisa.europa.eu